AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 1 Márta 2017
(OR. en)

2016/0075 (COD)
LEX 1720

PE-CONS 64/1/16
REV 1

VISA 414
COEST 344
COMIX 852
CODEC 1931

# RIALACHÁN
# Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
# LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁN (CE) UIMH. 539/2001 LENA LIOSTAÍTEAR NA TRÍÚ TÍORTHA A BHFUIL AR A NÁISIÚNAIGH VÍOSAÍ A BHEITH INA SEILBH ACU AR THRASNÚ TEORAINNEACHA SEACHTRACHA DÓIBH AGUS NA TRÍÚ TÍORTHA A BHFUIL A NÁISIÚNAIGH DÍOLMHAITHE ÓN gCEANGLAS SIN
# (AN tSEOIRSIA)

**RIALACHÁN (AE) .../...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 1 Márta 2017**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001**
**lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh**
**víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh**
**agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin**
**(an tSeoirsia)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (a) d'Airteagal 77(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 27 Feabhra 2017.

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle[1], liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát dóibh agus liostaítear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin. Comhdhéanamh na liostaí de thríú tíortha in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II, ba cheart é a bheith ag teacht leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 539/2001, agus ba cheart dó fanacht amhlaidh. Tagairtí do thríú tíortha a bhfuil athrú tagtha ar an staid ina bhfuil siad i ndáil leis na critéir sin, ba cheart iad a aistriú ó iarscríbhinn amháin go dtí an iarscríbhinn eile, de réir mar is iomchuí.

(2) Meastar go bhfuil na tagarmharcanna ar fad a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Léirscaoilte Víosa a tugadh do Rialtas na Seoirsia i mí Feabhra 2013 bainte amach ag an tSeoirsia agus, dá bhrí sin, go gcomhlíonann sí na critéir is ábhartha lena saoránaigh a bheith díolmhaithe ón gceanglas víosa agus iad ag taisteal go dtí críoch na mBallstát. Déanfaidh an Coimisiún an faireachán cuí féachaint an bhfuil na critéir sin á gcomhlíonadh ar bhonn leantach ag an tSeoirsia, go háirithe maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe, i gcomhréir leis an sásra ábhartha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 539/2001.

(3) Dá réir sin, ba cheart an tagairt don tSeoirsia a aistriú ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 go dtí Iarscríbhinn II a ghabhann leis. Ba cheart feidhm a bheith ag an tarscaoileadh víosaí sin maidir le sealbhóirí pasanna bithmhéadracha arna n-eisiúint ag an tSeoirsia i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), agus maidir leo sin amháin.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle an 15 Márta 2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 81, 21.03.2001, lch. 1).

(4) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle[1]; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(5) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[2]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(6) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le h*acquis* Schengen[3] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe B d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[4].

1 Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarratas ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

2 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de chuid *acquis* Schengen IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.

3 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

4 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le h*acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

(7) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm nahEilvéise le *acquis* Schengen[1] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe B d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[2].

---

1 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

2 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

(8) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen, de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[1], a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe B d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[2],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

[2] Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 mar a leanas:

(a) in Iarscríbhinn I, Cuid 1 ("NA STÁIT"), scriostar an tagairt don tSeoirsia.

b) in Iarscríbhinn II, Cuid 1 ("NA STÁIT"), cuirtear an tagairt seo a leanas isteach:

"An tSeoirsia*

---

* Tá an tarscaoileadh víosaí teoranta do shealbhóirí pasanna bithmhéadracha arna n-eisiúint ag an tSeoirsia i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil den Aontas Eorpaigh*[*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

---

* IO: Ní mór gurb ionann dáta foilseacháin agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus dáta foilseacháin agus dáta theacht i bhfeidhm PE-CONS 58/16 (COD 2016/0142), agus in aon chás dáta foilseacháin agus dáta teacht i bhfeidhm nach luaithe ná dáta foilseacháin agus dáta theacht i bhfeidhm PE-CONS 58/16 (COD 2016/0142), Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (athbhreithniú ar an sásra fionraíochta).